



Nóta Faisnéise TC 0003/2022

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

COVID-19:

An Scéim um Shaoire Thuismitheoireachta - Socruithe don chuid eile de scoilbhliain 2021/22 do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna aitheanta

1. Réamhrá

- 1.1 Leis an Nóta seo tugtar nuashonrú d'fhostóirí maidir leis na hathruithe sealadacha reatha ar théarmaí agus ar choinníollacha na Scéime um Shaoire Thuismitheoireachta do mhúinteoirí agus do chúntóirí riachtanas speisialta (fostaithe), de réir mar a dhéantar foráil dóibh i [Nóta Faisnéise 0001/2022](#) de chuid na Roinne.
- 1.2 Is maith is eol don Roinn go bhfuil cúinsí sainiúla fós ann maidir le cúram leanaí. Ar an mbonn sin, fanfaidh na hathruithe sealadacha reatha ar an scéim um Shaoire Thuismitheoireachta i bhfeidhm don chuid eile de scoilbhliain 2021/22.
- 1.3 Tá na hathruithe sealadacha ar an Scéim um Shaoire Thuismitheoireachta sonraithe i mír 2 den Nóta Faisnéise seo.
- 1.4 Glacann an Nóta Faisnéise seo ionad mhír 7 de [Nóta Faisnéise 0001/2022](#).
- 1.5 Ó scoilbhliain 2022/23 ar aghaidh, beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha na Scéime um Shaoire Thuismitheoireachta, de réir mar a foilsíodh i gCiorcláin na Roinne.

2. An Scéim um Shaoire Thuismitheoireachta

2.1 Nósanna Imeachta Iarratais

- (a) Éilítear leis an Scéim um Shaoire Thuismitheoireachta d'fhostaithe go gcuirfí an Fhoirm Iarratais isteach chuig an bhfostóir 6 seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe.
- (b) Faoi Alt 8(4) den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998, ba cheart d'fhostóirí an riachtanas don tréimhse fógartha 6 seachtaine le haghaidh iarratais ar Shaoire Thuismitheoireachta a tharscaoileadh nó a laghdú, le linn na tréimhse sealadaí sin.

- (c) Nuair a dhéantar an riachtanas fógartha 6 seachtaine sin a tharscaoileadh, ba cheart na spriocdhátaí atá sonraithe do Dhoiciméad Dearbhaithe an fhostóra dá ndéantar tagairt sa Scéim um Shaoire Thuismitheoireachta agus an tréimhse fógartha de 4 seachtaine don Roinn/BOO a choigeartú dá réir sin.

2.2 Patrún na Saoire Thuismitheoireachta

- (a) Nuair a dhéantar Saoire Thuismitheoireachta a cheadú, tá sé luaite sa Scéim um Shaoire Thuismitheoireachta nach mór leas a bhaint aisti i mbloic seachtaine amháin ar a laghad (i.e. 7 lá i ndiaidh a chéile agus deirí seachtaine, dúnadh na scoile, laethanta nuair nach bhfuil an fostaí sceidealaithe chun freastal san áireamh) suas le huaslíon de 26 seachtaine in aghaidh an linbh.
- (b) Faoi na socrúithe sealadacha reatha, is féidir le fostóir Saoire Thuismitheoireachta a cheadú, agus na cúinsí arna dtabhairt san áireamh aige/aici, i mbloic níos lú ná seachtain amháin (i.e. níos lú ná 5 lá oibre), nó de laethanta aonair, maidir le hiarratais sa todhcháí, nuair atá an fostaí incháilithe iarratas a dhéanamh ar Shaoire Thuismitheoireachta.
- (c) Sula ndéanfar a leithéid de shocrú um Shaoire Thuismitheoireachta a cheadú, ní mór don fhostóir agus don fhostaí patrún an fhreastail ar an áit oibre a chomhaontú, le linn na tréimhse seo den athrú sealadach ar an Scéim um Shaoire Thuismitheoireachta.
- (d) Maidir le scoileanna nach scoileanna BOO iad, nuair a dhéanann an fostóir iarratais ar Shaoire Thuismitheoireachta i mbloic níos lú ná seachtain amháin nó de laethanta aonair a cheadú, ba cheart sonraí na saoire sin a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh Ar Líne (OLCS) Is féidir le fostóir Saoire Thuismitheoireachta a thaifeadadh i laethanta ar leith ar an OLCS mar Chatagóir Saoire 'Saoire Teaghlaigh' arna leanúint ag Fochatagóir Saoire 'Patrún Speisialta de Shaoire Thuismitheoireachta i gCúinsí Eisceachtúla'. Ní mór do scoileanna BOO an tsaoire sin a thaifeadadh ar a gcóras BOO ábhartha.

3. Nóta Faisnéise a Scaipeadh

- 3.1 Cinntigh go scaiptear an Nóta Faisnéise seo do gach ball den Bhord Bainistíochta/de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus go ndírítear aird múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta uile atá fostaithe agat ar an méid atá ann, agus iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh.
- 3.2 Is féidir teacht ar an Nóta Faisnéise seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag gov.ie.

Clare Butler
Príomhoifigeach
Rannán Téarmaí & Coinníollacha
do Mhúinteoirí/CRSanna

Sinéad Keenaghan
Príomhoifigeach
An Rannóg Párolla

24 Feabhra, 2022